Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026
(OR. en)

9682/26

LIMITE

CORLX 518
CFSP/PESC 767
COARM 88

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE mar thaca le tionscadal maidir le réitigh dhigiteacha le haghaidh stoc-chairn shlána gnáth armlóin i gComharsanacht an Aontais (AIMS/SIMS) |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**mar thaca le tionscadal maidir le réitigh dhigiteacha le haghaidh stoc-chairn shlána gnáth-armlóin i gComharsanacht an Aontais (AIMS/SIMS)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2001, ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe an Clár Gníomhaíochta chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach Mionarm agus Armán Éadrom a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú. I gClár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe, chomhaontaigh Ballstáit na Náisiún Aontaithe feabhas a chur ar rialacháin náisiúnta maidir le mionairm, bainistiú stoc-charn a neartú, a áirithiú go ndéanfar airm a mharcáil go cuí agus go hiontaofa, feabhas a chur ar an gcomhar i rianú arm agus páirt a ghlacadh i gcomhar agus i gcúnamh réigiúnach agus idirnáisiúnta.

(2) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle straitéis de chuid an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón dar teideal 'Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint', lenar aithníodh gur príomhthoisc í drochshlándáil stoc-charn lenar féidir airm agus armlón a atreorú ón margadh dleathach go margaí aindleathacha. Gheall an tAontas agus a Bhallstáit go leanfaidís de bheith ag cuidiú le tíortha eile feabhas a chur ar bhainistiú agus ar shlándáil stoc-charn atá i seilbh an stáit trí na creataí reachtacha agus riaracháin náisiúnta agus na hinstitiúidí a rialaíonn soláthar dlisteanach agus bainistiú stoc-charn mionairm agus armáin éadroma ('MAAÉ') agus armlóin do na fórsaí cosanta agus slándála a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar an marcáil agus coimeád taifead, agus caighdeáin agus dea-chleachtais a chur chun cinn agus a chur chun feidhme chun mionairm agus armlón a láimhseáil. Gheall an tAontas freisin cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun stoc-chairn MAAÉ a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus leanúint de thacaíocht a thabhairt don chomhar agus don chúnamh chun Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn MAAÉ agus armlóin.

PUBLIC

(3) An 4 Nollaig 2023, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Creat Domhanda maidir le Gnáth-Armlón a bhainistiú le linn a Shaolré ('an Creat Domhanda'), ar creat comhoibritheach deonach é agus ina bhfuil sraith gealltanas polaitiúil chun na tionscnaimh atá ann cheana maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré a neartú agus a chur chun cinn, agus chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann cheana ó thaobh gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré. Leis an gCreat Domhanda, i gCuspóir 5, spreagtar na stáit leis na cumais theicniúla a bhunú chun faireachas leordhóthanach córasach inbhuanaithe a dhéanamh ar ghnáth-armlón i stoc-chairn náisiúnta, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear trí chomhar agus cúnamh idirnáisiúnta a sholáthar agus a fháil.

(4) Le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle[1] foráiltear go bhfuil ceadúnas onnmhairiúcháin le diúltú dá mbeadh formheas ar neamhréir le hoibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta na mBallstát, lena n-áirítear a ngealltanais faoin gCreat Domhanda.

(5) An 14 Aibreán 2025, d'fhormheas an Chomhairle Conclúidí maidir le Rialú ar Onnmhairiú Arm, inar gheall sí an obair a thabhairt chun cinn maidir le gnéithe a thacaíonn le trádáil fhreagrach teicneolaíocht mhíleata agus trealamh míleata, agus chuir sí de chúram ar an Meitheal um Onnmhairiú Gnáth-Arm (COARM) i gcás inarb ábhartha, tacú le fothú acmhainneachta tríú tíortha i ndáil le bainistiú stoc-charn arm agus armlóin.

---

1 Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

(6) Tá an córas bainistíochta fardail armlóin ('AIMS') á fhorbairt ag Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil (GICHD), uirlis dhigiteach atá ceaptha chun tacú le bainistiú slán sábháilte inbhuanaithe stoc-charn armlóin. Tá AIMS deartha chun oibriú i sineirgíocht leis an gcóras bainistíochta faisnéise faireachais ('SIMS'). Déanfar AIMS agus SIMS a thriail ar bhonn píolótach sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus léirigh Poblacht na Moldóive spéis mhór sa dá uirlis chomh maith.

(7) Is chun leas slándála an Aontais atá sé tacú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus le Poblacht na Moldóive a bheith i gcomhréir le caighdeáin nua-aimseartha maidir le neamhleathadh agus sábháilteacht. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí don Aontas tacú, trí ranníocaíocht airgeadais, leis an tionscadal dar teideal 'Réitigh Dhigiteacha le haghaidh Stoic Gnáth-Armlóin Shlána i gComharsanacht an Aontais', arb é atá ann forbairt, glacadh, comhtháthú agus úsáid leanúnach AIMS agus SIMS sna tíortha sin. Tá gealltanas tugtha ag an Eilvéis an tionscadal sin a chómhaoiniú trí ranníocaíocht airgeadais a bheidh sa bhreis ar ranníocaíocht an Aontais a sholáthar, d'fhonn buiséad measta iomlán an tionscadail a bhaint amach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. D'fhonn straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlóin dar teideal 'Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint' agus Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle a chur chun feidhme, tacóidh an tAontas le tionscadal dar teideal 'Réitigh Dhigiteacha le haghaidh Stoic Gnáth-Armlóin Shlána i gComharsanacht an Aontais', arb é atá ann forbairt, glacadh, comhtháthú agus úsáid leanúnach an Chórais Bainistíochta Fardal Armlóin (AIMS) agus an Chórais Bainistíochta Faisnéise Faireachais (SIMS) sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus i bPoblacht na Moldóive ('an Tionscadal').

2. Is é cuspóir an Tionscadail feabhas a chur ar chumais eagrúcháin údaráis náisiúnta na Boisnia agus an Heirseagaivéin agus Phoblacht na Moldóive maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn a saolré, chun an baol atreoraithe agus pléascanna de thaisme a mhaolú.

3. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an Tionscadal sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil (GICHD) a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an Tionscadail.

PUBLIC

3. Déanfaidh GICHD a chuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, cuirfidh an tArdionadaí na socruithe is gá le GICHD i gcrích.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 1 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an Tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas. Is é EUR 1 389 145 a bheidh i mbuiséad measta iomlán an Tionscadail.

2. Déanfar caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú i gcrích le GICHD. Sonrófar sa chomhaontú sin go bhfuil GICHD le hinfheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú ar bhealach atá iomchuí do mhéid na ranníocaíochta sin.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí a bhaineann leis an gcomhaontú sin a thabhairt i gcrích agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú chun críche.

PUBLIC

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle faoi chur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha 6 mhí arna n-ullmhú ag GICHD.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuairisciú chuig an gComhairle maidir le gnéithe airgeadais an Tionscadail.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích nó, mura dtabharfar aon chomhaontú mar sin i gcrích laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC